2024/1444

13.6.2024

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 340/2023

an 8 Nollaig 2023

lena leasaítear Iarscríbhinn XX (An Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE [2024/1444]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2122 ón gCoimisiún an 12 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 a mhéid a bhaineann leis an bhfaireachán agus an tuairisciú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a thabhairt cothrom le dáta de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Pointe (c) d'Airteagal 75 t de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 ón gCoimisiún, arna leasú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2122, baineann sé le tuairisciú chun críoch cánach de bhun reachtaíocht náisiúnta lena dtrasuitear gníomhartha an Aontais a bhaineann le cáin, custaim agus dleacht; ar gníomhartha iad nach dtagann faoi raon feidhme Chomhaontú LEE. Dá bhrí sin, níor cheart feidhm a bheith ag na hoibleagáidí tuairiscithe faoi phointe (c) d'Airteagal 75 t maidir le Stáit CSTE.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas isteach i bpointe 21apj (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE:

'— **32023 R 2122**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2122 ón gCoimisiún an 12 Deireadh Fómhair 2023 (IO L, 2023/2122, 18.10.2023).

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá forálacha an Rialacháin oiriúnaithe mar a leanas:

Ní bheidh feidhm ag pointe (c) d'Airteagal 75 t maidir le Stáit CSTE.'

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2122 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 9 Nollaig 2023, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*), nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 334/2023 ó Chomhchoiste LEE an 8 Nollaig 2023 ([2]), nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 335/2023 ó Chomhchoiste LEE an 8 Nollaig 2023 ([3]), cibé acu is déanaí.

([1]) IO L, 2023/2122, 18.10.2023.
(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.
([2]) IO L, 2024/1419, 13.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1419/oj.
([3]) IO L, 2024/1420, 13.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1420/oj.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Nollaig 2023.

Thar ceann Chomhchoiste LEE
An tUachtarán
Pascal SCHAFHAUSER